Rialachán faoi Tháirgí Pacáistithe Miondíola agus Infheistíochta atá bunaithe ar Árachas ("PRIIP") - Príomhcháipéis Eolais ("KID"): Díol Roghanna ar Dhíol ar an London Metal Exchange

Cuspóir

Tugann an doiciméad seo príomhfhaisnéis duit faoin táirge infheistíochta seo. Ní ábhar margaíochta é. Ceanglaítear le dlí go gcuirfear an fhaisnéis seo ar fáil chun cabhrú leat tuiscint a fháil ar nádúr, ar rioscaí, ar chostais, ar ghnóthachain agus ar chaillteanais ionchasacha an táirge seo agus chun é a chur i gcomparáid le táirgí eile.

Táirge

Táirge atá clúdaithe ag an KID seo: Conarthaí maidir le díol Roghanna ar Dhíol atá ar fáil le haghaidh trádála ar an London Metal Exchange. Tá liosta iomlán d'uimhreacha aitheantais na n-urrús idirnáisiúnta do tháirgí a chumhdaítear leis an KID seo ar fáil ar shuíomh Gréasáin ESMA ag:
https://registers.esma.europa.eu/publication/searchRegister?core=esma_registers_firds_files
Ainm mhonaróir an táirge: London Metal Exchange
Láithreán Gréasáin mhonaróir an táirge: www.lme.com
Tuilleadh eolais: Cuir glaoch ar 0207 113 8888 (Foireann Bainistíochta Caidrimh) le haghaidh tuilleadh eolais
Údarás Inniúil: Financial Conduct Authority (www.fca.org.uk)
An dáta ar táirgeadh an KID: 24.01.2020

Tá tú ar tí táirge a cheannach nach táirge simplí é agus b'fhéidir go rachadh sé deacair ort é a thuiscint

Cad é an táirge seo?

Cineál: Conarthaí maidir le díol Roghanna ar Dhíol (a bhfuil miotal mar mar bhunsócmhainn acu)
Cuspóirí: Is conradh díorthaigh é seo faoina n-aontaíonn tú conradh a dhíol le contrapháirtí a thugann an ceart, ach gan an oibleagáid, dó chun iad seo a dhíol leat: teidlíocht do mhiotail ar dháta amach anseo (i ndáil le Conarthaí faoi Roghanna a athraíonn go dtí go mbíonn siad ina gConarthaí Todhchaíochtaí ar féidir iad a sholáthar go fisiciúil); nó nochtadh do phraghas an bhunmhiotail ábhartha (le haghaidh Conarthaí Roghanna a socraíodh le hairgid tirim). Beidh luach an Chonartha faoi Roghanna nasctha le praghas an bhunmhiotail - féach "Cásanna Feidhmíochta" le haghaidh tuilleadh faisnéise.
An tInfheisteoir miondíola beartaithe: Níl an táirge seo beartaithe d'infheisteoirí miondíola, rud a chiallaíonn nár cuireadh riachtanais na n-infheisteoirí miondíola agus na nithe a bhaineann leo san áireamh i ndearadh an táirge seo.

Cad iad na rioscaí atá i gceist agus cad a d'fhéadfainn a fháil mar mhalairt orthu?

Táscaire Rioscaí –

Tugtar rátáil **7 as of 7** don táirge seo ar bhunús na cairte riosca thíos.



Is éard atá sa táscaire achomair riosca ná treoir maidir le leibhéal riosca an táirge seo a chur i gcomparáid le táirgí eile. Taispeánann sé cé chomh dealraitheach is atá sé go gcaillfidh an táirge airgead mar gheall ar ghluaiseachtaí sna margaí, nó toisc nach féidir le contrapháirtí an chonartha thú a íoc.

Rinneamar an táirge seo a aicmiú ag **7 as 7**. Is é sin an aicme riosca is airde. Rinneamar an táirge seo a aicmiú ag 7 as 7 toisc go bhfuil an táirge seo casta, agus go bhfuil an baol ann go bhféadfá níos mó airgid a chailliúint ná mar a d'infheistigh tú. Tugann sé seo rátáil an-ard do na caillteanais féideartha ó fheidhmíocht amach anseo agus má tharlaíonn sé go mbeidh drochdhálaí margaidh ann is cosúil go mbeidh tionchar acu ar chumas do chontrapháirtí thú a íoc.

Bí ar an eolas faoi rioscaí airgeadra. Féadfaidh tú íocaíochtaí a fháil in airgeadra difriúil sa chaoi go mbraithfidh an toradh deiridh a gheobhaidh tú ar an ráta malairte idir an dá airgeadra. Níl an riosca seo san áireamh sa táscaire a thaispeántar thuas.

Níl aon chosaint sa táirge seo ó fheidhmíocht an mhargaidh amach anseo, sa chaoi go bhféadfadh tú cuid d'infheistíocht nó an infheistíocht go léir a chailliúint.

Cásanna Feidhmíochta -

Glactar leis sa ghraf gur díoladh rogha ar dhíol arb é $2,000 i ndollair na Stát Aontaithe a bhí mar phraghas ceangail aige ar $200 i ndollair na Stát Aontaithe.

Tá raon de thorthaí féideartha le feiceáil sa ghraf atá curtha ar fáil agus ní léiriú cruinn é ar cad is féidir leat a fháil ar ais. Braithfidh an méid a gheobhaidh tú ar an gcaoi a bhforbróidh an t-ábhar bunaidh. Léirítear sa ghraf cad é brabús nó caillteanas an táirge i gcás gach luach atá ag an ábhar bunaidh. Taispeánann an ais chothrománach na praghsanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ar luach an ábhair bhunaidh ar an dáta éaga agus taispeánann an ais ingearach an brabús nó an caillteanas.

Nuair a cheannaíonn tú an táirge seo (.i. má dhíolann tú rogha ar dhíol) léiríonn sé go gceapann tú go bhféadfaidh an bunphraghas méadú nó laghdú.

Bhraithfeadh do chaillteanas uasta ó thaobh an táirge de ar an ngluaiseacht i bpraghas an bhunmhiotail. Braitheann sé sin ar ghluaiseachtaí na bpraghsanna sa mhargadh miotal. Maidir le conarthaí atá liostaithe ar an London Metal Exchange, níl aon teorainn chonarthach ann don chaillteanas a d'fhéadfá a thabhú faoin táirge seo. D'fhéadfadh sé go mbeadh teorainn chonarthach san áireamh sa chonradh a rinne tú le do bhróicéir maidir le do chaillteanas uasta, ach bheadh sé sin le dearbhú leis an mbróicéir a dhíol an táirge leat.

Léirítear costais uile an táirge féin sna figiúirí a thaispeántar ach b'fhéidir nach bhfuil na costais go léir a íocann tú le do chomhairleoir nó le do dháileoir san áireamh iontu. Ní chuirtear do chúrsaí cánach pearsanta san áireamh rud a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar an méid a gheobhaidh tú ar ais.

Léirítear sa ghraf thíos conas a d'fhéadfadh d'infheistíocht feidhmiú. Is féidir leat é a chur i gcomparáid le graif torthaí na ndíorthach eile.



Cad a tharlóidh mura mbeidh an London Metal Exchange in ann íocaíocht a dhéanamh?

Oibreoir margaidh is ea an London Metal Exchange agus ní bheidh sé ina chontrapháirtí sa trádáil a dhéanfaidh tú. D'fhéadfá caillteanas airgeadais a fhulaingt mar gheall ar mhainneachtain an chontrapháirtí lenar thrádáil tú (b'fhéidir gurb é do bhróicéir a bheadh i gceist anseo). Téigh i dteagmháil le do bhróicéir le haghaidh tuilleadh faisnéise, lena n-áirítear cibé an mbeadh sé indéanta éileamh a dhéanamh faoi aon scéim cúitimh infheisteora i gcás go mainneodh do bhróicéir. Molaimid duit dul i gcomhairle le do bhróicéir chun a dhearbhú cad iad na socruithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i gcás a roghanna réamhshocraithe agus na roghanna féideartha chun maolú a dhéanamh ar do rioscaí caillteanais sna himthosca sin.

Cad iad na costais?

Ní chuireann an London Metal Exchange táille díreach ar chliaint miondíola. Féadfaidh an duine a dhíolfaidh an táirge leat nó a thugann comhairle duit faoin táirge seo (do bhróicéir) costais eile a ghearradh ort. Más amhlaidh, tabharfaidh an duine sin eolas duit faoi na costais seo, agus taispeánfaidh duit an tionchar a bheidh ag gach costais ar d'infheistíocht le himeacht ama. Ar mhaithe le trédhearcacht, is féidir mionsonraí na dtáillí trádála agus imréitigh a íocann do bhróicéir nuair a bhíonn sé ag trádáil ar an London Metal Exchange a fháil anseo: https://www.lme.com/Trading/Access-the-market/Fees#tabIndex= 0.

Cé chomh fada ba cheart dom é a choinneáil agus an féidir liom airgead a thógáil amach go luath?

Tréimhse shealbhaithe molta: Níl aon tréimhse íosta ná tréimhse molta ann maidir le sealbhú. Tá réimse dátaí ag táirgí an London Metal Exchange ar féidir leat a roghnú ó thaobh an dáta a rachaidh do Chonradh Roghanna in éag. Labhair le do bhróicéir chun tuilleadh eolais a fháil.

Conas is féidir liom gearán a dhéanamh?

Ar an gcéad dul síos, molaimid duit labhairt le do bhróicéir maidir le haon ghearáin. Ní mór gearán a dhéanamh i scríbhinn chuig an London Metal Exchange agus, más rud é go ndéanann cuideachta an gearán, ní mór do stiúrthóir nó d'oifigeach coibhéiseach é a shíniú. Ba cheart gearáin a sheoladh chuig The Complaints Office, London Metal Exchange, 10 Finsbury Square, London, EC2A 1AJ nó trí ríomhphost chuig complaints@lme.com. Ba cheart go mbeadh faisnéis leordhóthanach sa ghearán ionas go bhféadfaidh an London Metal Exchange na ceirdeanna nó an ghníomhaíocht a ndearnadh gearán fúthu a aithint i gceart agus bonn a sholáthar d'aon chaillteanas líomhnaithe. Leagtar amach mionsonraí faoin nós imeachta um ghearáin an London Metal Exchange i bhfógra 19/347 atá ar fáil ag www.lme.com.

Faisnéis ábhartha eile

Le haghaidh tuilleadh sonraí faoinár margadh, ár leabhar rialacha agus sonraíochtaí táirge agus imréitigh, féach ar www.lme.com nó labhair le do bhróicéir.